Straitéis Náisiúnta an HSE don tSláinte Idirchultúrtha 2007 - 2012
Achoimre Feidhmiúcháin agus Moltaí

Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
Health Service Executive

1. Achoimre Feidhmiúcháin

Tá Clár Claochlaithe ar siúl ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (HSE) agus an aidhm atá leis ná cur ar chumas daoine saol níos sláintiúla níos iomláine a bheith acu. Is gné lárnach den chlár í an fhís seo a leanas “Beidh rochtain éasca ag gach aon duine ar chúram agus seirbhísí ardchaighdeáin a bhfuil muinín acu astu agus a bhfuil sé ina gcúis bróid don fhoireann iad a sholáthar”. Tá baint amach na físe seo treoraithe ag roinnt Tosaíochtaí Claochlaithe atá dírithe ar fhorbairt, feabhsú nó atheagrú seirbhísí reatha, agus ina bhfuil béim leagtha freisin ar fheabhas a chur ar an mbonneagar a thugann tacaíocht do chur chun feidhme seirbhísí.

I measc chuspóirí lárnacha Chlár Claochlaithe an HSE, atá ar siúl faoi láthair, tá dhá chuspóir atá an-ábhartha i gcomhthéacs grúpaí atá eisiata go sóisialta, mar seo a leanas

- Cuirfimid feabhas ar eispéiris daoine a bhíonn ag déileáil lenár seirbhísí agus ar na torthaí a bhaintear amach dóibh tríd ár seirbhísí a fhorbairt, a athrú agus a chomhtháthú, de réir an chleachtais is fearr.

- Oibreoimid chun sláinte agus dea-bhraistint an daonra a chosaint, a chothú agus a fheabhsú, bunaithe ar riachtanas aitheanta agus le fócas ar leith ar bhearta chun aghaidh a thabhairt ar eisiatacht shóisialta.

Aithníonn an cur chuige maidir le sláinte an daonra, a fhormhuiníonn an HSE, an raon fachtóirí a théann i gcion ar an tsláinte, agus déanann sé iarracht sláinte agus dea-bhraistint a chothú agus a chosaint, le haird ar leith tugtha ar bhearta chun neamhionannas sláinte a laghdú. Tá na naisc idir bochtaineacht, eitneachas agus sláinte cruthaithe le fada, agus beidh gá lena lán comhoibrithe idir earnálacha sa chur chuige seo chun sláinte fheabhsaithe agus gnóthachtáil shóisialta a bhaint amach do dhaoine ó chúlraí eitneacha agus cultúrtha éagsúla.

I gCaibidil 4 den cháipéis seo, déantar cur síos níos mionchruinne ar an HSE, an cur chuige a úsáideann sé chun aghaidh a thabhairt ar neamhionannas sláinte, agus an bealach a chothaíonn sé cur chuige atá cuimsitheach go sóisialta chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais sláinte agus ar chúraim grúpaí faoi mhíbhuntáiste, lena n-áirítear daoine ó chultúir agus cúlraí eitneacha éagsúla.

Tá an HSE ag claochlú fad agus atá athrú ag teacht ar dhéimeagrafaic in Éirinn, mar tá líon méadaitheach daoine ag bogadh go hÉirinn chun maireachtáil anseo. Léiríonn Daonáireamh 2006 go bhfuil 420,000 náisiúnach coigríche ina gcónaí in Éirinn faoi láthair, agus gurb iad na grúpaí a bhfuil an borradh is tapúla fúthu ná na hEorpaigh ón Mór-Roinn, le cois Afracaigh agus Áisigh. Léiríonn an staidreamh gur dóchúil go mbéarfar 18% de dhaonra 2030 i dtír eachtrannach, i gcomparáid le figiúr reatha 10.4%, sochaí iomlaoideach agus dinimiciúil na hÉireann, a d’athraigh ó shochaí ina raibh eisimirce ollmhór i gceist go dtí sochaí ina bhfuil an inimirce níos mó ná an eisimirce. Cuireann an imirce seo leis na grúpaí éagsúla de mhionlaigh eitneacha agus chultúrtha atá in Éirinn cheana féin, leis an Lucht Siúil ar an ngrúpa is fadbhunaithe.

Féadann grúpa mionlaigh eitnigh a bheith ar cheann de raon leathan grúpaí a bhfuil cónaí orthu in Éirinn agus a shainmhíníonn iad féin de réir a gcine, eitneachais nó tionscnaimh náisiúnta. I gcomhthéacs na hÉireann, féadann daoine ó mhionlaigh éagsúla eitneacha agus chultúrtha a bheith ina n-iarrthóirí tearmainn, ina dteifigh, ina spailpíní fánacha, ina mbaill de Lucht Siúil na hÉireann, Roma, ina mic léinn eachtrannacha agus ina mbaill de phobail mhionlaigh eitnigh nua agus bunaithe. Roinneann gach grúpa cultúrtha agus eitneach ionannas comhchoiteann bunaithe ar stair agus sinsearacht chomónta. Tá ionannas cultúrtha, teangacha, nósanna agus cleachtais dá gcuid féin ag grúpaí eitneacha, agus tá eispéiris saoil agus riachtanais sláinte, shóisialta, mhothúchánacha, ghairme agus shíceolaíocha dá chuid nó dá cuid féin ag gach ball den ghrúpa. Is gné thábhachtach d’ionannas eitneach agus cultúrtha go leor daoine í an creideamh.



Tuigtear go bhfuil riosca níos mó ann go mbeidh baill de ghrúpaí mionlaigh eitnigh bocht agus eisiata go sóisialta. Tá Lucht Siúil na hÉireann, iarrthóirí tearmainn agus teifigh an-leochaileach ar an mbealach seo, agus is cúis imní mhéadaitheach í staid na spailpíní fánacha, le cuid mhór acu beagnach dofheicthe agus iad ina gcónaí i bpobail. Laistigh den ghrúpa leathan ilchineálach de phobail mhionlaigh eitnigh, féadtar glacadh leis go mbaineann riosca ar leith le heisiatacht shóisialta ban, agus is grúpa an-leochaileach freisin iad Mionaoisigh gan tionlacan/leanaí scartha óna dteaghlaigh. Féadfaidh baill na ngrúpaí uile seo, le cois daoine atá ina gcónaí i bpobail mhionlaigh eitnigh nua agus bunaithe in Éirinn, bheith faoi réir an chiníochais agus an idirdhealaithe, rud a chúisíonn leithlisiú sóisialta agus eisiatacht bhreise. Féadfaidh na coinníollacha seo, le cois bacainní teanga agus cultúrtha, dochar níos mó a dhéanamh dá sláinte agus dá ndea-bhraistint.

Déantar cur síos i gCaibidil 5 ar phróifíl grúpaí mionlaigh eitnigh éagsúla, le haird ar leith ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag a staideanna faoi seach ar stádas sláinte agus torthaí sláinte.

Chuir leathnú na héagsúlachta mar thoradh ar an meascán iontach de chultúir agus d'eitneachtaí in Éirinn go mór le saol sóisialta, eacnamaíoch agus cultúrtha na hÉireann. Ag an am céanna, tá dúshláin le sárú ag sochaí na hÉireann mar thoradh ar theacht chun cinn na héagsúlachta seo, lena n-áirítear í féin a oiriúnú do thionchar na gcultúr nua agus bealaí comhpháirteacha a fhorbairt chun comhtháthú daoine ó chultúir agus grúpaí eitneacha éagsúla leis an tsochaí phríomhshrutha a chur chun cinn. Laistigh den chomhthéacs seo, tá feidhm thábhachtach ag córas sláinte na hÉireann maidir le cur chuige idirchultúrtha a chur i bhfeidhm do phleanáil agus soláthar seirbhísí cúraim agus tacaíochta ar bhealach cothrom, inrochtana, éifeachtúil, a aithníonn go bhfuil úsáideoirí seirbhíse éagsúla ann agus a thuigeann luach na héagsúlachta sin.

Agus muid ag aithint riachtanais sláinte agus chúraim ar leith úsáideoirí seirbhíse ó chultúir agus cúlraí eitneacha éagsúla, agus ag cur clár oibre claochlaithe an HSE i bhfeidhm, tá deis thráthúil againn Straitéis Náisiúnta don tSláinte Idirchultúrtha a fhorbairt chun creatlach chuimsitheach a sholáthar inar féidir freastal go héifeachtúil ar na riachtanais chúraim agus tacaíochta seo - ag cur leis an dea-chleachtas atá ar siúl i láthair na huaire maidir le seirbhísí sláinte a sholáthar do dhaonra ilchineálach. Le blianta beaga anuas, tá méadú diaidh ar ndiaidh tagtha ar sheirbhísí chun freastal ar riachtanais daoine ó ghrúpaí éagsúla, le saineolas suntasach ann anois mar thoradh ar an ngá freagairt do riachtanais an phobail, le cois freagairt do cheanglais reachtúla éagsúla. An dúshlán atá ann anois, áfach, ná seirbhísí a chomhtháthú agus iad a dhéanamh inrochtana agus freagrach, agus úsáideoir na seirbhíse i gcónaí ag lár na modhanna oibre nua-chruthaithe. Tacaíonn na prionsabail, téamaí agus moltaí atá san áireamh ar an tsamhail leagtha amach sa Straitéis Idirchultúrtha leis an bhfoireann agus le húsáideoirí seirbhíse páirt ghníomhach bhríoch a ghlacadh i ndearadh, seachadadh agus measúnú sholáthar an chúraim sláinte d'úsáideoirí seirbhísí ó mhionlaigh eitneacha in Éirinn.

Léiríonn cáipéisí Rialtais cosúil leis an bPlean Gníomhaíochta Náisiúnta in Aghaidh Ciníochais agus an Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Chuimsiú Sóisialta 2007 – 2012 an tábhacht a bhaineann le Straitéis Náisiúnta don tSláinte Idirchúltúrtha a fhorbairt; leagann an dá cháipéis sin dualgas ar earnálacha éagsúla, lena n-áirítear an earnáil sláinte, gníomhartha agus bearta sonracha a dhéanamh atá deartha chun feabhas a chur ar chuimsiú daoine ó chúlraí éagsúla i ngach gné de shochaí na hÉireann. Deimhníonn raon straitéisí sláinte, cuimsithe ag an Straitéis Náisiúnta Sláinte: Cáilíocht agus Cothroime, agus a bhfuil, inter alia, an Straitéis Príomhchúraim, an Straitéis Sláinte don Lucht Siúil, agus Fís don Athrú san áireamh orthu, go bhfuil sé riachtanach meicníochtaí a fhorbairt chun rochtain fheabhsaithe ar shláinte agus seachadadh seirbhísí sláinte feabhsaithe a chur ar fáil don ghrúpa seo. Tacaíonn reachtaíocht Comhionannais le forbairt na straitéise, agus tá na hAchtanna um Stádas Comhionann agus na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta thar a bheith ábhartha. Athluann leabhrán an HSE “Na hAchtanna um Stádas Comhionann 2000 - 2004 agus Soláthar Seirbhísí Sláinte”, a táirgeadh i gcomhar leis an Údarás Comhionannais, oibleagáidí an HSE sa réimse seo.

Déantar cur síos i gCaibidil 7 ar ghnéithe den bheartas sóisialta agus sláinte, le cois reachtaíocht a rialaíonn cuir chuige maidir le seachadadh éifeachtúil seirbhíse do phobail éagsúla.

Is féidir tuiscint a fháil ar cháipéisí reachtaíochta agus beartais a luann gur gá Straitéis don tSláinte Idirchultúrtha a fhorbairt, nuair a chuirtear na luachanna agus prionsabail leo atá ríthábhachtach chun cur chuige a fhorbairt a fhreagróidh do riachtanais éagsúla sláinte úsáideoirí seirbhíse ó chultúir agus eitneachtaí éagsúla. Cé go bhfuil na prionsabail de chothromas, inrochtaineacht, cáilíocht agus cuntasacht atá cuimsithe sa Straitéis Náisiúnta Sláinte ina ngnéithe bunúsacha de sheachadadh na seirbhíse tríd is tríd, tá roinnt luachanna agus prionsabal breise riachtanach chun Straitéis don tSláinte Idirchultúrtha a fhorbairt, mar d’fhéadfadh leochaileachtaí sonracha agus riachtanais chúraim agus tacaíochta bhainteacha a bheith i gceist le húsáideoirí seirbhíse sa réimse seo a chiallaíonn go bhfuil eolas, léargas agus freagrúlacht speisialta ag teastáil ó na daoine atá ag pleanáil agus ag seachadadh seirbhísí sláinte. Déantar cur síos i gCaibidil 8 ar na prionsabail agus na breithnithe príomhúla a threoraíonn forbairt na straitéise seo, agus áirítear orthu sin:

- Comhoibriú Idir-Earnála: Mar thoradh ar raon leathan na gcinntitheach socheacnamaíoch agus an tionchar a bhíonn acu ar stádas sláinte, ní mór cur chuige crosghearrtha a úsáid chun comhoibriú gníomhaireachtaí áirithe éagsúla a chinntiú maidir le haghaidh a thabhairt ar na rioscaí agus na cúiseanna a bhaineann le bochtaineacht agus neamhionannas. Tá an HSE tiomanta do chur chuige nasctha, comhordaithe a fhorbairt agus a chothú laistigh d’earnálacha agus lasmuigh díobh ag leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil, chun réitigh chomhtháite, inmharthana a chur ar fáil.

- Comhionannas agus Spriocdhíriú: Is é croílár na straitéise seo comhionannas iomlán a bhaint amach d’úsáideoirí uile na seirbhíse ó thaobh rochtain a fháil ar sheirbhísí agus iad a úsáid. Gné thábhachtach den luach lárnach seo ná aithint agus díothú neamhionannais a chuireann cosc ar bhaint amach comhionannais dá leithéid seo. Ní mór gnéithe de chuir chuige phríomhshrutha agus spriocdhírithe araon a mheas má táthar chun cur chuige an chórais iomláin a chur i bhfeidhm chun comhionannas rochtana, rannpháirteachais agus torthaí a chinntiú do dhaonra ina bhfuil cultúir agus eitneachtaí éagsúla.



- Idirchultúrthacht agus Frithchiníochas: Bíonn tionchar diúltach ag ciníochas agus idirdhealú ar shláinte fhisiceach agus mheabhrach daoine ó phobail mhionlaigh eitnigh. Téann an cur chuige idirchultúrtha a mholann an Plean Gníomhaíochta Náisiúnta in Aghaidh Ciníochais, a chuimsíonn forbairt straitéise, beartais agus cleachtais chun idirghníomhú, tuiscint, meas agus comhtháthú a chur chun cinn idir cultúir agus grúpaí eitneacha éagsúla, le beartais an HSE maidir le seirbhísí comhionanna, inrochtana, ardchaighdeáin a sholáthar, agus ba chóir dó a bheith ina ghné phríomhúil de phleanáil agus seachadadh seirbhísí do dhaoine ó chúlraí cultúrtha agus eitneacha éagsúla.

- Rannpháirteachas Pobail maidir le riachtanais sláinte: Formhuiníonn cur chuige cuimsitheach go sóisialta an HSE, maidir le cur ar chumas na n-úsáideoirí seirbhíse agus na bpobal uile páirt a ghlacadh i gcinntí a dhéanamh faoina riachtanais sláinte féin, tacaíocht ghníomhach do chur chuige forbartha pobail.

- Oibriú i gComhpháirtíocht: Ba chóir seirbhísí sláinte a phleanáil agus a sheachadadh do dhaonra ina bhfuil cultúir agus eitneachtaí éagsúla laistigh de shamhail chomhpháirtíochta ina gcomhoibríonn an lucht leasmhar uile, lena n-áirítear úsáideoirí seirbhíse, gníomhaireachtaí pobail agus deonacha ábhartha, ionadaithe earnálacha reachtúla eile agus ionadaithe philéir an HSE féin chun tosaíochtaí a aithint, gníomhartha a aontú, agus monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na straitéise.

- Foghlaim agus Tacaíocht don Fhoireann: Chun seirbhís ardchaighdeáin, éifeachtúil a sheachadadh, tá sé ríthábhachtach go gcuirtear seirbhísí sláinte ar fáil atá inniúil go cultúrtha, a léiríonn meas ar éagsúlacht chultúrtha agus eitneach na n-úsáideoirí seirbhíse agus a fhreagraíonn don éagsúlacht sin. Tá oiliúint agus tacaíocht chuí idirchultúrtha ina bprionsabail bhunúsacha de chuid na straitéise, agus féachann an straitéis freisin ar mheicníochtaí a fhorbairt a chothaíonn earcú, ardú céime, forbairt agus coinneáil baill foirne ó chúlraí éagsúla.

Cuireadh tús le forbairt fhoirmiúil na straitéise le sraith comhchomhairlí le húsáideoirí seirbhíse, soláthraithe seirbhíse agus foireann an HSE ar fud na tíre. Reáchtáil nó chomhordaigh gníomhaireachtaí deonacha a lán de na himeachtaí seo, lena n-áirítear seónna bóthair, fócasghrúpaí, plé le grúpaí beaga agus suirbhéanna, i gcomhar leis an HSE. Gan amhras, gné shuntasach de na comhchomhairlí ba ea an tacaíocht a chuir raon comhlachtaí agus daoine ar fáil lena n-áirítear an Ghníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaineachta, an Coiste Comhairleach Náisiúnta um Chiníochas agus Idirchultúrthacht, CAIRDE, Spirasi, Pavee Point agus Comhairle Inimirceach na hÉireann. Rinne an comhoibriú sin cinnte go raibh sé ar chumas raon leathan úsáideoirí seirbhíse páirt a ghlacadh sna comhchomhairlí.

Bhí an plé ag na himeachtaí comhchomhairle uile bunaithe ar shraith ceisteanna, a bhí treoraithe ag faisnéis a bailíodh le linn céim RéamhChomhairliúcháin inar chomhlánaigh baill den lucht leasmhar ceistneoirí.

- *Cad iad na príomh-bhacainní agus fadhbanna a bhíonn ag daoine ó phobail mhionlaigh eitnigh maidir le rochtain a fháil ar sheirbhísí sláinte?*

- *Conas is féidir feabhas a chur ar dhearadh agus seachadadh seirbhísí sláinte chun feabhas a chur ar shláinte agus dea-bhraistint daoine ó ghrúpaí mionlaigh eitnigh?*

- *Cad iad na trí rud is tábhachtaí, dar leat, ar chóir do na seirbhísí sláinte iad a mheas/aghaidh a thabhairt orthu agus iad ag pleanáil agus ag seachadadh seirbhísí do dhaoine ó ghrúpaí mionlaigh eitnigh?*

- *Cén tacaíocht is féidir a thabhairt do ghrúpaí agus eagraíochtaí mionlaigh eitnigh chun feabhas a chur ar rochtain daoine ó chultúir agus ó ghrúpaí mionlaigh eitnigh éagsúla ar sheirbhísí sláinte?*

Chuir ionchur ó úsáideoirí agus soláthraithe seirbhíse, le cois foireann an HSE, a lán faisnéise ar fáil faoi shaincheisteanna agus eispéiris maidir le seirbhísí sláinte a rochtain, a úsáid, agus a sholáthar, le cois moltaí chun iad a fheabhsú nó a oiriúnú; cabhróidh sé sin leis na seirbhísí freagairt do riachtanais chúraim agus tacaíochta úsáideoirí seirbhíse éagsúla ar bhealach cuí, atá inniúil go cultúrtha.

Tiomsaíodh tuairisc mhionchruinn ar leithligh faoi chineál, próiseas agus torthaí na gcomhchomhairlí. Cuimsíonn an tuairisc sin samplaí de dhea-chleachtas atá ar siúl ar fud na tíre agus aghaidh á tabhairt ar riachtanais sláinte agus chúraim ball de ghrúpaí agus de chultúir mhionlaigh eitnigh.

D'eascair teachtaireachtaí príomhúla as na comhchomhairlí, agus tá achoimre orthu ar fáil i gCaibidil 6. Bhain na tosaíochtaí príomhúla a aithníodh le gnéithe de na nithe seo a leanas:

- Faisnéis, Teanga agus Cumarsáid: Aithníodh go raibh sé ina thosaíocht phríomhúil, ar gá aghaidh a thabhairt uirthi go práinneach, faisnéis inrochtana a sholáthar d'úsáideoirí seirbhíse, le cois seirbhísí ateangaire agus aistriúcháin a chur ar fáil.

- Seachadadh seirbhíse agus Rochtain ar Sheirbhísí: Bhain formhór an phlé sa réimse seo le saincheisteanna maidir le feabhas a chur ar ghnéithe den rochtain, le cois an gá seirbhísí a sheachadadh ar bhealach comhtháite. Tháinig téamaí a bhain le comhionannas agus idirdhealú chun cinn arís agus arís eile le linn an phlé sin.

- An Eagraíocht a Athrú: Aithníodh raon tosaíochtaí sa réimse seo, le saincheisteanna a bhain le cur chuige a fhorbairt don eagraíocht iomlán, an gá oiliúint agus tacaíocht a sholáthar don fhoireann faoi conas seirbhís a sheachadadh ar bhealach atá inniúil go cultúrtha, agus bailiú agus úsáid sonraí monatóireachta ábhartha maidir le heitneachtaí a léiríonn téamaí príomhúla.

- Oibriú i gComhpháirtíocht le Pobail Mhionlaigh Eitnigh: Glacadh leis gur gné phríomhúil den straitéis tacú le pobail mhionlaigh eitnigh a n-acmhainn a fhorbairt chun a riachtanais cúraim féin a aithint agus aghaidh a thabhairt orthu.

Bhí feidhm ríthábhachtach ag na dearcaí a cuireadh in iúl le linn na gcomhchomhairlí agus sna ceistneoirí a cuireadh isteach, le cois na tiomsuithe scríofa a tháinig ó dhaoine aonair agus ó eagraíochtaí, maidir le forbairt na straitéise seo a threorú. Chuir Athbhreithniú ar Litríocht a bhain le samhlacha cleachtais sa réimse de shláinte idirchultúrtha tacaíocht agus faisnéis bhreise ar fáil chun an straitéis a threorú.

Tá saincheisteanna agus na moltaí a bhaineann leo ar chroílár na straitéise agus déileáiltear leo i gCaibidil 9. Is féidir achoimre ar mholtaí a fháil faoi Chuid 3 freisin, i ndiaidh na hAchoimre Feidhmiúcháin seo. Cuirtear saincheisteanna móra i ngrúpaí téamacha a bhaineann leis na réimsí leathana de **1. Rochtain ar Sheirbhísí, 2. Sonraí, Faisnéis agus Taighde agus 3. Gnéithe Acmhainní Daonna**: **Rochtain ar Sheirbhísí agus gnéithe bainteacha de sheachadadh seirbhíse**



Aithnítear go bhfuil sé riachtanach bheith in ann rochtain a fháil ar sheirbhísí chun torthaí dearfacha sláinte a bhaint amach. Tá coincheap na rochtana an-leathan i gcomhthéacs na sláinte, le go leor fachtóirí ag dul i gcion ar inniúlacht úsáideoirí seirbhíse an rochtain is fearr agus rochtain chuí a fháil ar sheirbhísí riachtanacha. Laistigh de chomhthéacs na Straitéise Náisiúnta don tSláinte Idirchultúrtha, bhí gnéithe de sholáthar faisnéise, tuiscint a fháil ar ghnáthbhealaí chun an córas sláinte a úsáid, rochtain a fháil ar raon seirbhísí - go háirithe seirbhísí dochtúirí teaghlaigh - agus eispéiris de chiníochas agus idirdhealú, ina mbacainní móra ó thaobh rochtain a fháil ar sheirbhísí sláinte. Ba dhúshlán d'úsáideoirí seirbhíse freisin úsáid chuí a bhaint as seirbhísí sláinte, agus ba mhinic a bhain úsáid mhíchuí le bacainní maidir le rochtain a fháil ar sheirbhísí ag na leibhéil cúraim is fearr. Cé go bhfuil seans ann nach mbaineann líon maith de na bacainní seo díreach le daoine ó chúlraí eitneacha agus cultúrtha éagsúla, baineann roinnt saincheisteanna rochtana breise go sonrach le daoine ó phobail mhionlaigh eitnigh. Ba chóir féachaint anseo ar imthoscaí ina bhfuil feidhm ríthábhachtach ag creideamh cultúrtha agus reiligiúnach maidir le cúram agus tacaíocht atá freagrach agus cuí don chultúr a rochtain agus a fháil. Tá gnéithe a bhaineann le cúram pearsanta agus sláinteachas, creideamh spioradálta agus nósanna a bhaineann le himeachtaí saoil, agus riachtanais chothaithe thar a bheith ábhartha. Tá feidhm thábhachtach ag saoráidí othair istigh maidir le freagairt do na riachtanais agus na nósanna seo.

Glactar leis go bhfuil meicníochtaí a chuireann rochtain ar sheirbhísí sláinte chun cinn, cosúil le cur i bhfeidhm luathaithe na Straitéise Príomhchúraim, agus soláthar na tacaíochta gníomhaí do rannpháirteachas agus forbairt pobail, ríthábhachtach chun torthaí sláinte feabhsaithe a bhaint amach. Is samplaí iad iarrachtaí bainteacha a bhaineann le faisnéis inrochtana, cuí don chultúr a sholáthar, agus seirbhís ateangaire chaighdeánaithe, ardchaighdeáin a fhorbairt, de ghníomhartha spriocdhírithe a bhfuil sé d'aidhm acu tacú le rochtain chomhionann ar sheirbhísí sláinte.

Sonraí, Faisnéis agus Taighde

Níl mórán faisnéise ann faoi láthair faoi stádas sláinte agus riachtanais sláinte daoine ó chultúir agus eitneachtaí éagsúla in Éirinn. Mar thoradh ar an easpa sonraí, tá sé an-deacair riachtanais sláinte a aithint agus aghaidh a thabhairt orthu, agus monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn na n-idirghabhálacha. Tá forbairt córas monatóireachta de chomhionannas eitneach ina cuid lárnach den straitéis seo, agus is é an gníomh tosaigh aitheantóir eitneach a chur i bhfeidhm. Tá monatóireacht ar chomhionannas ríthábhachtach chun tionchair an neamhionannais sláinte i réimse na sláinte idirchultúrtha a laghdú agus chun feabhas a chur ar thorthaí sláinte don ghrúpa seo.

Acmhainní Daonna agus Forbairt Eagraíochtúil

Tá feidhm na Stiúrthóireachta Acmhainní Daonna agus Forbartha Eagraíochtúla maidir le cinntiú go seachadtar seirbhísí freagracha, inniúil go cultúrtha, ag croílár chur i bhfeidhm rathúil na Straitéise don tSláinte Idirchultúrtha. Cé go bhfuil dúshláin le sárú ag an tseirbhís sláinte maidir le seirbhísí cuí leochaileacha a sheachadadh d'úsáideoirí seirbhíse éagsúla, ilchineálacha, tá saincheisteanna bainteacha ann freisin a bhaineann le cultúr eagraíochtúil an chórais sláinte, agus na meicníochtaí a úsáideann sé chun glacadh leis an éagsúlacht, chun baill foirne ó chúlraí éagsúla a earcú, a choinneáil agus chun tacú leo, agus chun oiliúint agus tacaíocht a chur ar fáil don fhoireann faoi conas seirbhísí atá inniúil go cultúrtha, frithchiníoch agus neamh-idirdhealaitheach a sheachadadh.

Cur i bhFeidhm na Straitéise Idirchultúrtha

Mar thoradh ar riachtanais sláinte agus tacaíochta chasta, iltoiseacha an ghrúpa ilchineálaigh d'úsáideoirí seirbhíse ó chultúir agus eitneachtaí éagsúla, ní mór cur chuige cuimsitheach, comhtháite a ghlacadh maidir le cur i bhfeidhm na moltaí sa straitéis seo. Mar thoradh ar chineál agus méid nasctha, iltoiseach an neamhionannais sláinte a bhíonn i gceist d'úsáideoirí seirbhíse ó ghrúpaí cultúrtha agus eitneacha ilchineálacha, ní mór do raon páirtithe leasmhara, laistigh den earnáil sláinte agus lasmuigh di, oibriú le chéile chun na moltaí a chur i bhfeidhm ar bhealach comhordaithe, comhtháite. Tá tograí sa straitéis maidir le grúpa Comhairleach a bhunú, agus beartaítear go dtreoródh agus go maoirseodh an grúpa sin cur i bhfeidhm na moltaí sa straitéis. Mar thoradh ar nádúr crosghearrtha, iltoiseach na straitéise, tá sé ríthábhachtach ionchur na bpáirtithe leasmhara uile, lena n-áirítear foireann an HSE, soláthraithe seirbhíse, úsáideoirí seirbhíse agus ionadaithe na n-earnálacha reachtúla agus deonacha, a thabhairt le chéile chun an straitéis a chur i bhfeidhm go héifeachtúil. Áirítear ar na comhchodanna bainteacha príomhúla, atá ríthábhachtach do chur chuige claochlaithe an HSE, agus atá riachtanach chun tacú leis an gcur i bhfeidhm, ionchur faoi shláinte an daonra, comhchodanna monatóireachta agus meastóireachta treisithe, cur chuige atá cuimsitheach go sóisialta agus acmhainn daonna urrúnta, agus córais airgeadais, faisnéise agus cumarsáide a bhaineann le pleanáil, tomhas, tuairisciú, acmhainní a sholáthar do agus meastóireacht a dhéanamh ar thionscnaimh agus idirghabhálacha cuí.

Mar thoradh ar na fachtóirí agus saincheisteanna uile a bhaineann le forbairt na Straitéise don tSláinte Idirchultúrtha, cuimsíonn an Plean um Chur i bhFeidhm roinnt cuspóirí lárnacha:

- Na scileanna agus inniúlachtaí atá riachtanach chun freastal ar riachtanais sláinte agus tacaíochta na n-úsáideoirí seirbhíse, na soláthraithe seirbhíse agus na foirne a choinneáil agus a fhorbairt, ag dul le prionsabail HSE claochlaithe.
- A chinntiú go gcuirtear athruithe ar mhodhanna oibre i bhfeidhm ar bhealach sábháilte soiléir, a chomhlíonann oibleagáidí beartais agus reachtaíochta.
- A chinntiú go bhfuil cur i bhfeidhm na moltaí bunaithe ar na luachanna agus prionsabail bhunúsacha a roinneann seirbhísí uile an HSE agus na seirbhísí uile maoinithe ag an HSE. Is prionsabail lárnacha sa réimse seo d'obair idirchultúrtha iad prionsabail maidir le seirbhísí duinelárnacha, rochtain fheabhsaithe, turais chúraim éasca, freagrúlacht, comhpháirtíochtaí le húsáideoirí seirbhíse agus pobail, comhtháthú seirbhísí, obair foirne ildisciplíneach agus indisciplíneach, agus scaipeadh cothrom seirbhísí.
- Creatlach oibríochtúil a fhorbairt leis an bhfoireann agus le comhpháirtithe a mhíníonn conas a chuirfear moltaí i bhfeidhm laistigh de shamhail oibre nua an HSE, agus conas a chuirfear an claochlú i gceist leis seo i bhfeidhm.
- Clár oiliúna agus forbartha a thógáil leis an bhfoireann a thacaíonn leo le linn chur i bhfeidhm na moltaí agus a chuireann ar a gcumas seirbhísí a sheachadadh ar bhealach cuí éifeachtúil.
- Cumarsáid agus idirghníomhú leanúnach a dhéanamh leis an lucht leasmhar uile ag leibhéal áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta.

De bharr Chlár Claochlaithe an HSE, agus an cur chuige cuimsitheach go sóisialta atá ina chuid lárnach d'obair a dhéanamh le daoine ó ghrúpaí a bhí eisiata go sóisialta go traidisiúnta, ní mór modhanna nua oibre a úsáid chun an straitéis a chur i bhfeidhm go héifeachtúil. Tá Plean Gníomhaíochta féideartha don chur i bhfeidhm agus d'obair chomhoibritheach dá leithéid curtha i láthair i gCaibidil 10.



Soláthraíonn an Straitéis Náisiúnta don tSláinte Idirchultúrtha creatlach ar féidir í a úsáid chun tacú leis an bhfoireann agus le húsáideoirí seirbhíse araon páirt ghníomhach bhríoch a ghlacadh i ndearadh, seachadadh agus meastóireacht soláthar an chúraim sláinte d'úsáideoirí seirbhíse ó mhionlaigh eitneacha in Éirinn. Tá sé d'aidhm ag an straitéis seo, a léiríonn ionchur ó raon úsáideoirí seirbhíse agus soláthraithe seirbhíse trasna na tíre, agus atá bunaithe ar an gcleachtas is fearr, laghdú ar an eisiatacht shóisialta a bhíonn i gceist do go leor daoine sa ghrúpa seo, ag cur feabhais ar a rochtain ar sheirbhísí sláinte, agus – níos fadtréimhsí – ag cothú torthaí sláinte dearfacha agus gnóthachtáil shóisialta.

Táimid ag tnúth leis go mbainfidh úsáideoirí seirbhíse agus soláthraithe seirbhíse sochair leathana as cur i bhfeidhm na straitéise seo, lena n-áirítear sláinte agus dea-bhraistint mhéadaithe, caipiteal sóisialta méadaithe agus comhtháthú méadaithe do na húsáideoirí seirbhíse, agus inniúlacht chultúrtha, bród, muinín agus sástacht mhéadaithe do sholáthraithe sóisialta agus iad ag iarraidh seirbhís éifeachtúil, chothrom, neamh-idirdhealaitheach a sholáthar.

Tá an HSE tiomanta d'aghaidh a thabhairt ar riachtanais sláinte agus tacaíochta daoine ó chultúir agus cúlraí eitneacha éagsúla trí Straitéis Náisiúnta don tSláinte Idirchultúrtha a ghlacadh, a sheoladh agus a chur i bhfeidhm go gníomhach, agus táimid ag tnúth go mór leis na moltaí sa straitéis a chur i bhfeidhm mar ghníomhartha éifeachtúla.



2. Moltaí

Rochtain ar Sheirbhísí

Leathnófar tionscnaimh oiliúna agus tionscnaimh bhainteacha, a bhaineann le seirbhísí a sholáthar atá inniúil go cultúrtha, frithchiníoch agus neamh-idirdhealaitheach, agus atá ar siúl i láthair na huaire, chun iad a chur ar fáil i raon suímh phobail agus ospidéil.

Is bacainn shuntasach ar leas a bhaint as seirbhísí na costais a bhaineann le seirbhísí sláinte a rochtain agus a úsáid. Tá teidlíocht chun cárta leighis ina fachtóir príomhúil a théann i gcion ar an úsáid a bhaintear as seirbhísí dochtúir teaghlaigh, mar úsáideann daoine a fhaigheann an sochar seo na seirbhísí níos minice ná mar a úsáideann an lucht gan an cárta. Léirigh comhchomhairlí nach raibh mórán eolais ag go leor úsáideoirí seirbhíse ar theidlíochtaí sa réimse seo. Déanfar faisnéis a oiriúnú chun a chinntiú go gcabhrófar leis na húsáideoirí seirbhíse uile eolas a fháil ar a dteidlíochtaí agus ar phróisis ábhartha maidir leis sin.

Ní bhaineann a lán de na saincheisteanna a ardaíodh maidir le rochtain a fháil ar sheirbhísí sláinte le húsáideoirí seirbhísí ó mhionlaigh eitneacha amháin. Trí fheabhas a chur ar sheirbhísí do ghrúpa amháin, cuirtear feabhas ar sheirbhísí do raon grúpaí eile, lena n-áirítear daoine níos sine, daoine faoi mhíchumas agus an grúpa leathan d'úsáideoirí seirbhíse atá eisiata go sóisialta. Forbrófar clár agus aontófar gníomhartha chun na prionsabail de Rochtain Uilíoch a chur i bhfeidhm agus a chur chun cinn, chun a chinntiú go bhfuil gnéithe uile na seirbhísí sláinte inrochtana, lena n-áirítear gnéithe a bhaineann leis an timpeallacht thógtha agus comharthaí. Rachaidh sé seo le hobair atá ar siúl sa HSE i láthair na huaire maidir le feabhas a chur ar sheirbhísí do ghrúpaí atá eisiata go sóisialta.

I ndiaidh chur i bhfeidhm an aitheantóra eitnigh, déanfar taighde ar líon na dtarchur d'úsáideoirí seirbhísí ó mhionlaigh eitneacha chuig cúram tánaisteach agus treasach. Forbrófar gníomhartha cuí maidir leis an ngné seo i ndiaidh na torthaí sin a fháil.

Seachadadh Seirbhísí

Oibreoidh an HSE le comhlachtaí oiliúna agus gairmiúla ábhartha chun freastal ar an riachtanas d'fheasacht agus d'oiliúint i leith gnéithe sláinte trasna cultúr.

Déanfar taighde ar ghnéithe a bhaineann le leitheadúlacht agus bainistíocht riochtaí sonracha le tionchar díréireach ar phobail mhionlaigh eitnigh.

D'aithin grúpa Sainchomhairleach an HSE ar Leanaí go gcaithfí féachaint ar an tsaincheist maidir le timpeallghearradh firinn a sholáthar ar chúiseanna creidimh nó cultúrtha. Féachfar ar na torthaí air seo i bplé faoi sholáthar an timpeallghearrtha do naíonáin óga fhirinn agus leanaí firinn.

Cuirfear tionscnaimh oiliúna agus tionscnaimh bhainteacha atá ar siúl i láthair na huaire agus a bhaineann le seirbhísí a sholáthar atá inniúil go cultúrtha agus frithchiníoch, ar fáil sa phríomhshruth i raon suímh phobail agus ospidéil. (Nasctha le 3.1.1: Rochtain ar sheirbhísí)

Mná

Cuimsíonn Plean Seirbhíse an HSE do 2006 tiomantas do chuir chuige a fhorbairt maidir le príomhshruthú inscní do phleanáil agus seachadadh na seirbhísí uile. Laistigh den chomhthéacs seo, tionscnófar, cothófar agus tacófar le gníomhartha chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais chúraim agus tacaíochta shonracha ban ó mhionlaigh eitneacha.

Bunaíodh Grúpa Sainchomhairleach do sheirbhísí Máithreachais chun comhairle a thabhairt faoi eagrú agus forbairt seirbhísí sláinte agus pearsanta sa réimse seo. Tabharfar aghaidh ar ghníomhartha chun freastal ar riachtanais maidir le cúram máithreachais agus riachtanais tacaíochta ban ó eitneachtaí agus cultúir éagsúla laistigh de chomhthéacs na dtosaíochtaí agus na ngníomhartha aontaithe ag an ngrúpa seo. Beidh cur i bhfeidhm an Phlean Ghníomhaíochta Máithreachais ina ghné phríomhúil den obair sa réimse seo, agus tabharfaidh torthaí an athbhreithnithe ar sheirbhísí Máithreachais agus Gínéiceolaíochta a choimisiúnaigh an HSE le deireanas treoir bhreise faoi phleanáil agus seachadadh seirbhísí cuí, freagrach go cultúrtha sa réimse cúraim seo. Agus é sin ar siúl, cuirfear tús le hiarrachtaí chun aghaidh a thabhairt ar úsáid seirbhísí ag máithreacha agus teaghlaigh, agus iar-chúram a sholáthar dóibh; measúnófar agus cuirfear i bhfeidhm meicníochtaí chun tacaíocht mhothúchánach agus phraiticiúil a sholáthar do mháithreacha leochaileacha. Beidh tosaíocht ag máithreacha óga agus máithreacha den chéad uair maidir leis seo.

Déanfar saincheisteanna sonracha a bhaineann le riachtanais sláinte mháithreachais máithreacha atá ag lorg tearmainn agus atá ina gcónaí i suímh Forála Dírí a phlé le pearsanra an RIA; tabharfar aghaidh ar an tábhacht tosaíocht a thabhairt do riachtanais chothaithe leanaí agus máithreacha ag cothú leis an gcíoch laistigh den chomhthéacs seo. Beidh iarrachtaí atá ar siúl faoi láthair faoi scáth an Choiste Náisiúnta Feidhmiúcháin um Chothú Cíche ina ngné phríomhúil d'iarrachtaí sa réimse seo.

Cabhróidh cur i bhfeidhm an aitheantóra eitnigh le forbairt fianaise bunaithe ar fhaisnéis faoi riachtanais mháithreachais agus bhainteacha bhan ó chultúir agus grúpaí eitneacha éagsúla. Cuirfear gníomhartha cuí chun aghaidh a thabhairt ar thorthaí breithe na mban sa ghrúpa seo agus chun monatóireacht a dhéanamh ar na torthaí sin ar fáil ag dul le torthaí agus le tionscnaimh reatha.

Meabhairshláinte

Tá an Tuairisc, Fís don Athrú, á cur i bhfeidhm laistigh den HSE faoi láthair. Cuirfear tacaíocht ar fáil don mholadh i Fís don Athrú i.e. "Ba chóir seirbhísí meabhairshláinte a chur ar fáil ar bhealach atá íogair ó thaobh an chultúir de. Ba chóir oiliúint ina leith sin a chur ar fáil do phroifisiúnaigh mheabhairshláinte, agus ba chóir acmhainní a chur ar fáil do sheirbhísí meabhairshláinte chun cur ar a gcumas seirbhísí a sholáthar do ghrúpaí eitneacha eile, lena n-áirítear ateangairí a chur ar fáil."

I gcomhar le hearnálacha eile, féachfar ar shaincheisteanna sonracha a théann i gcion ar mheabhairshláinte bhaill an ghrúpavnte a léiriú agus a aibhsiú. Beidh cainteanna le struchtúir sa Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí maidir le tionchair an chórais Fórala Dírí agus le Fóraim sa Roinn Comhshaoil maidir le cóiríocht an Lucht Siúil, ach go háirithe, ina réimsí tosaíochta príomhúla.

Tacófar le tionscnaimh phobail chun cúram agus tacaíocht a sholáthar do riachtanais mheabhairshláinte daoine ó chultúir agus cúlraí eitneacha éagsúla agus cuirfear na tionscnaimh sin chun cinn agus tacófar leo laistigh de chomhthéacs na samhla de mheabhairshláinte phobail a mholann Fís don Athrú.



Leanaí
Tabharfaidh obair an Ghrúpa Shainchomhairligh ar Leanaí treoir d'fhorbairt beart chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais chúraim agus tacaíochta leanaí ó chúlraí cultúrtha agus eitneacha éagsúla. Tionscnófar meicníochtaí bunaithe ar chomhoibriú le pearsanra ábhartha laistigh den Earnáil Leanaí agus Teaghlaigh chun tacú le riachtanais chúraim leanaí agus teaghlach d'eitneachtaí agus cultúir éagsúla. Beidh riachtanais chúraim agus tacaíochta leanaí scartha óna dteaghlaigh ar thosaíocht laistigh den chur chuige seo.

Tá na moltaí san áireamh ar an bPlean Náisiúnta Gníomhaíochta in Aghaidh an Chiníochais ríthábhachtach chun cur chuige cuimsitheach, idirchultúrtha a chinntiú maidir le freastal ar riachtanais leanaí ó ghrúpaí agus pobail mhionlaigh eitnigh éagsúla. Seans go mbeidh gá le tacaíocht agus oiliúint a sholáthar don fhoireann sa réimse a bhaineann le cúram agus cosaint leanaí laistigh de chomhthéacs d'idirchultúrthacht agus d'éagsúlacht. Tabharfar tacaíocht do sheirbhísí Leanaí agus Teaghlaigh chun cabhrú le cleachtas cuimsitheach a fhorbairt sa réimse seo.

Daoine Níos Sine
Déanfar taighde agus gníomhartha bainteacha chun freastal ar riachtanais chúraim agus tacaíochta an ghrúpa seo, le fócas ar leith ar shaincheisteanna reatha a aithint agus pleanáil do riachtanais sa todhchaí.

Féachfar ar staid cúramóirí daoine níos sine ó chultúir agus eitneachtaí éagsúla.

Míchumas
Le linn chur i bhfeidhm na reachtaíochta míchumais nua agus na gceanglas lena mbaineann maidir le forbairt pleananna cúraim indibhidiúla, chomh maith le cur i bhfeidhm na reachtaíochta baintí maidir le hoideachas do leanaí le riachtanais speisialta, is féidir obair chomhoibritheach a dhéanamh chun riachtanais chúraim sláinte a aithint a bhaineann go sonrach le húsáideoirí seirbhíse faoi mhíchumas ó chultúir agus cúlraí eitneacha éagsúla. Forbrófar meicníochtaí chun tacaíocht den chineál seo a sholáthar do phearsanra sna seirbhísí um dhaoine faoi mhíchumas.

Sláinte Ghnéis
Tabharfar aghaidh ar sheachadadh sláinte gnéis d'úsáideoirí seirbhíse ó ghrúpaí mionlaigh eitnigh laistigh den chomhthéacs d'fhorbairt agus cur i bhfeidhm na Straitéise Náisiúnta do Shláinte Ghnéis atá le teacht amach ar ball.

Andúil agus Alcól
Tabharfaidh an HSE aghaidh ar ghnéithe ábhartha na handúile taobh istigh de théarmaí tagartha na Straitéise Náisiúnta Drugaí mar tá sí go maith in ann saincheisteanna a thiocfaidh chun cinn a aithint agus freagairt dóibh. Ar an dul céanna, tabharfar aghaidh ar shaincheisteanna a bhaineann leis an alcól laistigh de chomhthéacs obair an Tascfhórsa Náisiúnta um Alcól.

Scagadh Sláinte
D'fhéadfadh sé bheith deacair iarchúram agus cúram leanúnach a thabhairt do bhaill ghrúpaí mionlaigh eitnigh, go háirithe toisc go bhféadfaidís bheith scaipthe ar fud na tíre. Déanfar athbhreithniú ar an gcóras reatha de scagadh sláinte agus déanfar é a ailíniú le struchtúir nua an HSE, lena n-áirítear Sláinte an Daonra.

Meicníochtaí chun Rochtain a Chur Chun Cinn

Príomhchúram
Tacófar le cur i bhfeidhm na Straitéise Príomhchúraim de réir na bprionsabal de Mheasúnachtaí ar Riachtanais. Cuirfear tacaíocht do rannpháirteachas pobail mhionlaigh eitnigh sa phróiseas seo chun cinn.

Cuirfear tús le roinnt plé le pearsanra ábhartha faoi bhealaí chun meicníochtaí solúbtha a fhorbairt chun cabhrú le daoine atá eisiata go sóisialta, cosúil le muintir an Lucht Siúil nó imircigh le beathaí níos soghluaiste, rochtain a fháil ar sheirbhísí. Leagfar béim ar shamplaí cosúil le leas a bhaint as taifid sláinte a choinnítear i láimh, agus uaireanta oibre a shíneadh thar na gnáthuaireanta lárnacha, chun freastal ar riachtanais pobail.

Forbairt Pobail
Tá an HSE tiomanta d'oibriú leis an earnáil NGO chun seirbhísí sláinte agus tacaíochta cuí a dhearadh agus a sheachadadh do phobail mhionlaigh eitnigh. Tá gá le cur chuige straitéiseach i leith na hoibre seo. Déanfaidh an HSE athbhreithniú ar shocruithe comhpháirtíochta agus gníomhaíochtaí bainteacha i gcomhar le NGOanna ábhartha. Leanfaidh an HSE ar aghaidh ag tacú le NGOanna, ag cur acmhainní ar fáil chun seirbhísí aontaithe a sheachadadh.

Tacófar le pobail mhionlaigh eitnigh cur lena n-acmhainn páirt a ghlacadh i struchtúir HSE a thiocfaidh chun cinn agus tacófar leo monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na straitéise. Forbrófar meicníochtaí caighdeánaithe chun rannpháirteachas gníomhach páirtithe leasmhara a spreagadh agus a éascú.

Fuarthas go raibh cuir chuige treoraithe ag piaraí ina n-uirlisí éifeachtúla chun cabhrú le pobail tuiscint níos mó a fháil ar ghnéithe a bhaineann le seirbhísí sláinte a rochtain agus a úsáid go cuí agus ar an mbealach is fearr. Tacóidh agus leathnóidh an HSE an tsamhail seo.

Idirghabháil Chultúrtha
Tá feidhm ag Idirghabháil Chultúrtha maidir le hidirchultúrthacht a chur chun cinn sa tseirbhís sláinte. Agus muid ag fanacht le meastóireacht ar thionscadail reatha sa réimse seo, ba chóir féachaint ar na bealaí is fearr Idirghabhálaithe Cultúrtha a úsáid ag leibhéal an phobail.



Tacú leis an Rochtain

Faisnéis
Forbrófar treoirlínte maidir le táirgeadh agus cur i bhfeidhm ábhar aistrithe ar bhealach comhordaithe. Beidh na treoirlínte seo, a eascróidh as comhairle na bpáirtithe leasmhara agus a bheidh deimhnithe acu, bunaithe ar fhianaise den dea-chleachtas, agus ba chóir dóibh díriú ar ghnéithe de chaighdeáin, cáilíocht agus caighdeánú a bhaineann le táirgeadh agus úsáid ábhar aistrithe. Cuimseoidh treoirlínte treoracha faoin gcineál faisnéise ar chóir í a sholáthar, na teangacha inar chóir iad a chur ar fáil, agus conas agus ar cén duine ar chóir an fhaisnéis a scaipeadh. Ba chóir an chost-éifeachtúlacht a bhainfeadh le cur chuige comhordaithe maidir leis an ngníomh seo a mheas freisin.

Forbrófar plean chun ábhar aistrithe a tháirgeadh agus a úsáid ar bhealach céimnithe, comhordaithe.

Ba chóir tosaíocht a thabhairt d'aistriú faisnéise a bhaineann le teidlíochtaí, cearta úsáideoirí seirbhíse agus bealaí chun gearáin a dhéanamh le linn na chéad chéime den mholadh seo.

Ateangaireacht
Ba chóir iniúchadh agus meastóireacht iomlán a dhéanamh ar na córais reatha chun ateangaireacht a éascú chun cineál agus dearadh na seirbhíse ateangaireachta náisiúnta a threorú. Áireofar air sin samhlacha agus cleachtais reatha sa réimse seo a mheas, agus roinnt meastóireachta a dhéanamh ar a n-éifeachtúlacht. Tabharfar aghaidh freisin ar shaincheist na n-áiteanna iargúlta nach fiú seirbhísí a sholáthar go hinmheánach ann toisc nach bhfuil an t-éileamh mór go leor, ach ina d'fhéadfadh ateangairí a bheith ag teastáil go tobann agus go práinneach.

Sonraí, Faisnéis agus Taighde

Faoi láthair, tá an HSE agus an tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte ag plé bealaí chun sineirge a chur ar fáil idir iarrachtaí sa réimse a bhaineann le Faisnéis Sláinte, agus na gnéithe bainteacha de cháilíocht agus caighdeáin. Tá an Stiúrthóireacht um Shláinte an Daonra an-tábhachtach sa réimse seo. Oibreoidh an tAonad um Chuimsiú Sóisialta laistigh den chreatlach fhorbarthach seo chun sonraí agus an úsáid a mbaintear astu sa réimse a bhaineann le sláinte mionlach eitneach a fhorbairt agus a fheabhsú. Beidh fócas ar leith ar úsáid a bhaint as sonraí a bhaineann le neamhionannas sláinte.

Beidh cur i bhfeidhm céimnithe aitheantóra eitnigh thar na leibhéil chúraim uile ina thosaíocht straitéiseach de chuid an HSE fós. Ba chóir an t-aitheantóir seo, atá bunaithe ar cheist daonra an Daonáirimh, a leabú i réimsí sonraí, agus cuirfidh sé le agus treiseoidh sé an úsáid a bhainfear as faisnéis faoi thír bhreithe agus creideamh, faisnéis a bhailítear faoi láthair.

Déanfar bailiú na faisnéise a bhaineann le teanga a chaighdeánú ar bhonn níos fadtréimhsí.

Comhoibreoidh an HSE leis an HIQA, rannóg Faisnéis Sláinte na Stiúrthóireachta um Shláinte an Daonra, an NCCRI agus páirtithe leasmhara ábhartha eile chun plean a dhéanamh do bhailiú, monatóireacht agus úsáid na faisnéise cuí maidir le stádas sláinte agus riachtanais sláinte úsáideoirí seirbhíse ó chúlraí cultúrtha agus eitneacha éagsúla.

Forbrófar bunachar faisnéise faoin réimse a bhaineann le sláinte mionlach eitneach, a bheidh deartha chun tacaíocht agus acmhainní a chur ar fáil don lucht leasmhar uile chun cabhrú leo seirbhís sa réimse seo a dhearadh agus a sheachadadh.

Déanfar taighde ar ghnéithe na hidirchultúrthachta a bhaineann le riachtanais, cleachtais agus torthaí sláinte úsáideoirí seirbhíse ó chultúir agus eitneachtaí éagsúla.

Forbrófar cur chuige comhtháite chun Measúnachtaí ar Thionchar ar Shláinte a dhéanamh. Forbrófar gnéithe de Chomhionannas agus Éagsúlacht agus cuirfear i bhfeidhm ar bhealach níos fadtréimhsí iad laistigh de chreatlach um Measúnacht ar Thionchar ar Shláinte. Cuirfear é sin i bhfeidhm laistigh de chomhthéacs obair atá ar siúl sa Stiúrthóireacht um Shláinte an Daonra faoi láthair maidir le creatlach straitéiseach a fhorbairt do Mheasúnachtaí ar Thionchar ar Shláinte.

Acmhainní Daonna

Cuirfear cur chuige na hEagraíochta Iomláine maidir le hoibriú le daonra ilchineálach chun cinn chun cultúr agus éiteas a fhorbairt a thugann tacaíocht don idirchultúrthacht. Ba chóir do pháirtithe leasmhara éagsúla páirt a ghlacadh sa chur chuige seo, agus ba chóir dó cothú an chomhionannais a chuimsiú mar phrionsabal de choimisiúnú agus pleanáil seirbhíse, comhionannas deiseanna, bainistíocht fhorghníomhach na héagsúlachta, aghaidh a thabhairt ar idirdhealú agus ciníochas agus cur chuige a chur chun cinn a fhreagraíonn do raon cultúr agus creideamh na n-úsáideoirí seirbhíse.

Is dualgas de chuid Stiúrthóireacht Acmhainní Daonna an HSE é earcú agus coinneáil na foirne, agus cuimsíonn sé gach gné den fheidhm seo, lena n-áirítear Forbairt agus Dearadh na hEagraíochta, Caidreamh le Fostaithe, Dea-Bhraistint Fostaithe agus Feidhmíocht agus Forbairt. Comhoibreofar leis na feidhmeanna éagsúla de chuid na Stiúrthóireachta seo agus le grúpa Oibre Comhdheise/Éagsúlachta an HSE EA, chun tionscnaimh fhorghníomhacha a fhorbairt le haidhm baill foirne ó chúlraí éagsúla a mhealladh, a roghnú, a earcú, forbairt ghairmiúil a dhéanamh leo, a gcéimeanna a ardú, agus iad a choinneáil. Áireofar ar thionscnaimh dá leithéid bainistíocht fhorghníomhach dhearfach na héagsúlachta cultúrtha san ionad oibre, agus cur chun cinn an chleachtais is fearr i mbainistíocht acmhainní daonna do gach cuid den fhórsa oibre, lena n-áirítear baill foirne ar conradh seachtrach.

Ba chóir tionscnaimh reatha chun cur le hacmhainn na foirne seirbhísí cuí, freagracha atá inniúil go cultúrtha a sholáthar d'úsáideoirí seirbhíse ó raon cúlraí cultúrtha agus eitneacha, a leathnú agus a chur i bhfeidhm ar bhonn céimnithe.

A SoulMedia production

Health Service Executive
Mill Lane
Palmerstown
Dublin 20

email: socialinclusion@hse.ie

www.hse.ie